

Tom Climent, Eden, 2019. Collection Crawford Art Gallery, Cork. © the artist.

**Press Release 20/01/26**

## Works from Crawford Art Gallery Collection at F.E. McWilliam

Crawford Art Gallery and F.E. McWilliam Gallery announce an exciting collaboration on a new exhibition of contemporary Irish art.

*Constellations: Selected Work from Crawford Art Gallery* brings artworks from the Crawford Collection to the F.E. McWilliam Gallery in Northern Ireland. It is an exciting moment for both galleries to collaborate and connect audiences with contemporary Irish art.

Featuring the work of 14 artists based on the island of Ireland, *Constellations* highlights the depth and richness of Crawford Art Gallery's contemporary holdings within Ireland's National Collection. The exhibition brings together work by established artists such as Nick Miller, Amanda

Coogan, Katie Holten, Corban Walker, Dragana Jurišić, and Isabel Nolan, Ireland's representative at the 2026 Venice Biennale, alongside artists whose practices are gaining increased profile and recognition, including Laura Fitzgerald and Niamh Swanton, as well as artists with a Northern Ireland connection, Ronnie Hughes, Jennifer Trouton, and Michael Hanna.

Linked by the artists' use of bold colour and shared themes of nature, domestic life and identity, the artworks in this exhibition range from film and photography to drawing and sculpture. Tom Climent's large canvas, *Eden*, finds echoes in the colours of Declan Byrne's *Encrusted Dog*, while the freedom of Jurišić's underwater photographs complement the wry humour of Coogan, Fitzgerald, Swanton, and Aideen Barry. Together, they reflect a sense of playfulness and imagination while also addressing deeper ideas about freedom, power and the everyday experience.

Several works in the exhibition were acquired by Crawford Art Gallery during the COVID-19 lockdowns as part of the Government of Ireland's investment in Ireland's National Collection. Following the success of last year's *Grá* at Uillinn: West Cork Arts Centre, with this latest exhibition Crawford Art Gallery continues its programme of touring and sharing while closed for redevelopment.

"Crawford Art Gallery is delighted to strengthen this partnership with the F.E. McWilliam Gallery and to support strong touring and institutional exchange across the island of Ireland," Crawford Art Gallery Director Mary McCarthy said about the relationship. "*Constellations* as an exhibition provides a great opportunity for the exhibiting artists to reach new audiences and engage in dialogue within a new context."

Dr Riann Coulter, Curator of the F.E. McWilliam Gallery said, "*Constellations* showcases some of the stars of the Irish art world and reflects the quality and diversity of Crawford's Collection. We are grateful to Crawford Art Gallery for sharing these outstanding works from Ireland's National Collection and look forward to welcoming visitors to this vibrant and engaging exhibition".

This exhibition is the latest instalment in an ongoing cross-border relationship between the F.E. McWilliam Gallery and Crawford Art Gallery which began in 2013, when both institutions and the Irish Museum of Modern Art collaborated on the groundbreaking touring exhibition *Analysing Cubism*.

These shared histories are further strengthened by parallel ambitions, as both Crawford Art Gallery and the F.E. McWilliam Gallery are currently engaged in major redevelopment projects which will see them double in size to engage with new audiences, care for and grow their collections and improve access to art for all.

*Constellations: Selected Work from Crawford Art Gallery*, opens on the 14 February and runs until the 2 May 2026 at F.E. Mc William Gallery and is supported by the Department of Culture, Communications and Sport.

The exhibition features contemporary artworks by Aideen Barry, Declan Byrne, Tom Climent, Amanda Coogan, Laura Fitzgerald, Michael Hanna, Katie Holten, Ronnie Hughes, Dragana Jurišić, Nick Miller, Isabel Nolan, Niamh Swanton, Jennifer Trouton, and Corban Walker.

**ENDS**

www.crawfordartgallery.ie

Dyane Hanrahan, Marketing & Communications Manager
E: dyanehanrahan@crawfordartgallery.ie
T +353 (0) 21 4907856 M +353 (0) 86 8278151

Sorcha O'Brien, Marketing & Communications Executive
E: marketing@crawfordartgallery.ie
T +353 (0) 21 4907856

**Notes to Editor:** for hi-res captioned images, please click here.

**About Crawford Art Gallery**
Crawford Art Gallery is currently closed to the public for a major redevelopment; Transforming Crawford Art Gallery.

Crawford Art Gallery is an Irish National Cultural Institution (NCI) dedicated to contemporary and historic visual art, located in a significant heritage building in the heart of Cork city. Offering a dynamic programme of temporary exhibitions, it also houses a collection of national importance which tells the compelling story of Cork and Ireland over the last three centuries.

Originally built in 1724 as the city's Custom House, the gallery is home to the famous Canova Casts, gifted to Cork two centuries ago. Featured in the gallery's collection of over 3,500 objects are contemporary Irish and international artists Gerard Byrne, Dorothy Cross, Joy Gerrard, Rula Halawani, Isabel Nolan, Kathy Prendergast, Sean Scully, and Nedko Solakov, as well as much-loved works by artists James Barry, Mainie Jellett, Daniel Maclise, Norah McGuinness, Harry Clarke, Seán Keating, John Lavery, Evie Hone, Patrick Scott, Mary Swanzy and Jack B. Yeats.

**About Transforming Crawford Art Gallery**
Crawford Art Gallery closed to the public and currently undergoing an exciting capital redevelopment project: Transforming Crawford Art Gallery.

This multi-million euro investment will increase gallery space by almost 50%, preserve and protect three centuries of existing built heritage, and create a cultural legacy for a new century as Cork continues to grow.

The project is a Government of Ireland 2040 project funded by the Department of Culture, Communication and Sport in partnership with the Office of Public Works (OPW).

The award-winning Grafton Architects have worked on a redevelopment design that include a new Learn & Explore facility for public engagement, significant storage for the National Collection, a new entrance, and a dramatically improved public realm including new café facing onto Half Moon Street as well as additional exhibition spaces. The building's entrance will be reoriented to Emmet Place in line with the original Custom House layout dating to 1724. A large new

public gallery space will create a new vantage point for visitors to view city centre landmarks including St Anne's, Shandon and St Fin Barre's Cathedral.

For all the latest news on Transforming Crawford Art Gallery, sign up to the newsletter on www.crawfordartgallery.ie or follow the gallery's social media.

**About F.E. McWilliam Gallery**
The F.E. McWilliam Gallery opened in 2008 to celebrate the life and work of Banbridge-born, internationally renowned sculptor Frederick Edward McWilliam (1909-1992).

Featuring a permanent display of McWilliam's work, temporary exhibitions of Irish and international art, a craft shop and Quails award winning café, the Gallery is recognised for its high-quality exhibitions, inclusive education programmes and excellent customer service and attracts a wide range of local, national and international visitors.

Opening hours are Monday – Saturday 10.00am to 5.00pm.

https://visitarmagh.com/places-to-explore/f-e-mcwilliam-gallery/



Tom Climent, Eden, 2019. Bailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh. © an t-ealaíontóir.

**Phreasráiteas 20/01/26**

**Saothair ó Bhailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford ag Gailearaí F.E. McWilliam**

Fógraíonn Gailearaí Ealaíne Crawford agus Gailearaí F.E. McWilliam comhfhiontar spreagúil maidir le taispeántas nua d'ealaín chomhaimseartha na hÉireann.

Tugann *Constellations: Selected Work from Crawford Art Gallery* saothair ealaíne ó Bhailiúchán Crawford chuig Gailearaí F.E. McWilliam i dTuaisceart Éireann. Is tréimhse spreagúil é seo don dá ghailearaí teacht i gcomhar lena chéile agus lucht féachana a nascadh le healaín chomhaimseartha na hÉireann.

Agus saothar 14 ealaíontóir atá lonnaithe ar oileán na hÉireann le feiceáil ann, leagann *Constellations* béim ar dhoimhneacht agus ar shaibhreas shealúchais chomhaimseartha Ghailearaí Ealaíne Crawford laistigh de Bhailiúchán Náisiúnta na hÉireann. Tugann an taispeántas saothair le chéile ó ealaíontóirí seanbhunaithe cosúil le Nick Miller, Amanda Coogan, Katie Holten, Corban Walker, Dragana Jurišić, agus Isabel Nolan, a bheidh mar ionadaí na hÉireann ag Biennale na Veinéise 2026, mar aon le healaíontóirí a bhfuil a gcleachtais ag éirí níos cáiliúla agus níos aitheanta, lena n-áirítear Laura Fitzgerald agus Niamh Swanton, mar aon le healaíontóirí a bhfuil ceangal acu le Tuaisceart Éireann, Ronnie Hughes, Jennifer Trouton, agus Michael Hanna.

Agus é ceangailte leis an úsáid a bhaineann na healaíontóirí as dath misniúil agus as téamaí comhroinnte an dúlra, an tsaoil tí agus na féiniúlachta, tá réimse saothar ealaíne sa taispeántas seo idir scannánaíocht agus ghrianghrafadóireacht, idir líníocht agus dealbhóireacht. Faigheann canbhás mór Tom Climent, *Eden*, macalla i ndathanna *Encrusted Dog* de chuid Declan Byrne, agus cuireann saoirse ghrianghraif faoi uisce Jurišić le greann tráthúil Coogan, Fitzgerald, Swanton, agus Aideen Barry. I dteannta a chéile, léiríonn siad spraíúlacht

agus samhlaíocht agus tugann siad aghaidh freisin ar smaointe níos doimhne faoin tsaoirse, faoin gcumhacht agus faoin ngnáthshaol laethúil.

Fuair Gailearaí Ealaíne Crawford roinnt saothar sa taispeántas le linn dhianghlasáil COVID-19 mar chuid d'infheistíocht Rialtas na hÉireann i mBailiúchán Náisiúnta na hÉireann. Agus é ag leanúint ar aghaidh tar éis rath na bliana anuraidh de *Grá* ag Uillinn: Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí, leanann Gailearaí Ealaíne Crawford ar aghaidh leis seo lena chlár Camchuairte & Comhroinnte agus é dúnta don athfhorbairt.

"Tá áthas ar Ghailearaí Ealaíne Crawford an chomhpháirtíocht seo le Gailearaí F.E. McWilliam a neartú agus tacú le camchuairteanna láidre agus malartú institiúideach ar fud oileán na hÉireann," a dúirt Mary McCarthy, Stiúrthóir Ghailearaí Ealaíne Crawford faoin gcaidreamh. "Tugann *Constellations* mar thaispeántas deis iontach do na healaíontóirí taispeántais teacht ar lucht féachana nua agus páirt a ghlacadh i gcomhrá laistigh de chomhthéacs nua."

Dúirt an Dr Riann Coulter, Coimeádaí Ghailearaí F.E. McWilliam, 'Taispeánann *Constellations* roinnt de réaltaí shaol ealaíne na hÉireann agus léiríonn sé cáilíocht agus éagsúlacht Bhailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford. Táimid buíoch de Ghailearaí Ealaíne Crawford as na saothair iontacha seo ó Bhailiúchán Náisiúnta na hÉireann a roinnt agus táimid ag tnúth le fáilte a chur roimh chuairteoirí chuig an taispeántas bríomhar tarraingteach seo'.

Is é an taispeántas seo an chaibidil is déanaí i gcaidreamh trasteorann leanúnach idir Gailearaí F.E. McWilliam agus Gailearaí Ealaíne Crawford a thosaigh in 2013, nuair a tháinig an dá institiúid agus Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann i gcomhar lena chéile ar an taispeántas camchuairte ceannródaíoch *Analysing Cubism*.

Déantar na startha comhroinnte seo a neartú tuilleadh le huaillmhianta comhthreomhara, toisc go bhfuil Gailearaí Ealaíne Crawford agus Gailearaí F.E. McWilliam i mbun mórthionscadail athfhorbartha faoi láthair a fhágfaidh go mbeidh dhá oiread spáis acu araon chun dul i ngleic le lucht féachana nua, aire a thabhairt dá mbailiúcháin agus cur leo agus rochtain ar ealaín a fheabhsú do chách.

Osclaíonn *Constellations: Selected Work from Crawford Art Gallery*, ar an 14 Feabhra agus beidh sé ar taispeáint go dtí an 2 Bealtaine 2026 i nGailearaí F.E. McWilliam agus tá sé maoinithe ag an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

Beidh saothair ealaíne comhaimseartha ar taispeáint ann le Aideen Barry, Declan Byrne, Tom Climent, Amanda Coogan, Laura Fitzgerald, Michael Hanna, Katie Holten, Ronnie Hughes, Dragana Jurišić, Nick Miller, Isabel Nolan, Niamh Swanton, Jennifer Trouton, agus Corban Walker.

**CRÍOCH**

www.crawfordartgallery.ie

Dyane Hanrahan, Bainisteoir Margaíochta & Cumarsáide
R: dyanehanrahan@crawfordartgallery.ie
T +353 (0) 21 4907856 M +353 (0) 86 8278151

Sorcha O'Brien, Feidhmeannach Margaíochta & Cumarsáide
R: marketing@crawfordartgallery.ie
T +353 (0) 21 4907856

**Nótaí don Eagarthóir:**
Le haghaidh íomhánna fotheidealaithe ardtaifigh, cliceáil anseo.

**Maidir le Ghailearaí Ealaíne Crawford**
Tá Gailearaí Ealaíne Crawford dúnta don phobal faoi láthair le haghaidh athfhorbartha mhóir; Claochlú Gailearaí Ealaíne Crawford.

Is institiúid chultúrtha náisiúnta é Gailearaí Ealaíne Crawford atá suite i bhfoirgneamh oidhreachta suntasach i gcroílár chathair Chorcaí, agus atá tiomnaithe do na hamharc-ealaíona, idir stairiúil agus chomhaimseartha. Agus é

ag cur clár fuinniúil taispeántas sealadach ar fáil, tá bailiúchán náisiúnta tábhachtach faoina dhíon freisin a insíonn scéal spéisiúil Chorcaí agus na hÉireann le trí chéad bliain anuas.

Tógadh ar dtús i 1724 é mar Theach Custaim na cathrach agus tá Múnlaí cáiliúla Canova ar taispeáint sa Ghailearaí, a bronnadh ar Chorcaigh dhá chéad bliain ó shin. I measc bhailiúchán an ghailearaí, tá os cionn 3,500 saothar ó ealaíontóirí comhaimseartha na hÉireann agus idirnáisiúnta Isabel Nolan, Gerard Byrne, Joy Gerrard, Rula Halawani, Kathy Prendergast, Dorothy Cross, Sean Scully agus Nedko Solakov mar aon leis na saothair ó na healaíontóirí a bhfuil an-tóir orthu James Barry, Mainie Jellett, Daniel Maclise, Norah McGuinness, Harry Clarke, Seán Keating, John Lavery, Evie Hone, Patrick Scott, Mary Swanzy agus Jack B. Yeats.

**Maidir le Chlaochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford**
Tá Gailearaí Ealaíne Crawford dúnta don phobal agus tá tionscadal athfhorbartha caipitil spreagúil ar bun aici faoi láthair: Gailearaí Ealaíne Crawford a chlaochlú.

Cuirfidh an infheistíocht, ar fiú na milliúin euro é, beagnach 50% breise le spás an ghailearaí, agus déanfaidh sé trí chéad bliain d'oidhreacht thógtha a chaomhnú agus a chosaint, agus cruthófar oidhreacht chultúrtha don ghlúin amach romhainn de réir mar a bheidh Corcaigh ag leanúint ag fás.

Is togra de chuid Thograí Rialtas na hÉireann 2040 é atá ag fáil maoiniú ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW).

Tá Ailtirí Grafton, a bhfuil gradaim bainte acu, tar éis obair a dhéanamh ar dhearadh athfhorbartha lena n-áirítear áis Foghlama agus Fiosraithe nua le rannpháirtíocht ghníomhach, stóráil shuntasach don Bhailiúchán Náisiúnta, bealach isteach nua, agus spás poiblí a bheidh feabhsaithe go mór lena n-áirítear caifé nua ar Shráid na Leathghealaí chomh maith le spásanna taispeántais breise. Beidh bealach isteach an fhoirgnimh curtha ar ais go Plás Emmet de réir leagan amach Theach an Chustaim a chuaigh siar go 1724. Cruthófar spás mór gailearaí nua, a chruthaíonn radharc do chuairteoirí chun féachaint ar shainchomharthaí i lár na cathrach lena n-áirítear Ardán San Anna, An Seandún agus Ardeaglais Naomh Fionnbarra.

Chun níos mó eolais rialta a fháil ar Chlaochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford, is fearr clárú do nuachtlitir an ghailearaí ar www.crawfordartgallery.ie nó lean muid ar mheáin shóisialta an ghailearaí.

**Maidir le Gailearaí F.E. McWilliam**
Osclaíodh Gailearaí F.E. McWilliam in 2008 chun ceiliúradh a dhéanamh ar shaol agus ar shaothair an dealbhóra cháiliúil Frederick Edward McWilliam (1909-1992), arbh as Droichead na Banna ó dhúchas é.

Tá taispeántas buan de shaothar McWilliam sa Ghailearaí, chomh maith le taispeántais shealadacha ealaíne Éireannaí agus idirnáisiúnta, siopa ceardaíochta agus caifé gradamúil Quails. Tá clú agus cáil ar an nGailearaí as a chuid taispeántas den scoth agus as na cláir ionchuimsitheacha

oideachais agus an tsársheirbhís do chustaiméirí a chuireann sé ar fáil, agus bíonn go leor cuairteoirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta ag tarraingt air.

Is iad Luan - Satharn 10.00rn go 5.00in na huaireanta oscailte.

https://visitarmagh.com/places-to-explore/f-e-mcwilliam-gallery/